

An Scéim Ceannaigh (Incrimintigh) ag Tionóntaí 2016

Foirm Iarratais



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Rannóg Iasachtaí,
Díolachán agus Toilithe
Chomhairle Cathrach Bhaile
Átha Cliath
Bloc 2, Urlár 2,
Oifigí na
Cathrach, Baile
Átha Cliath 8

Guthán: (01) 222 5449

Mír 1 – Sonraí faoin Réadmhaoin

Uimhir Chuntais Chiosa:

Seoladh na Réadmhaoine:

D'Úsáid Oifige

Mír 2 – Sonraí faoin Iarratasóir

Tionónta

Comhthionónta

Ainm

Uimhir PSP

Uimhir Ghutháin

Seoladh Ríomhphost

Fostaithe (ÍMAT)

Fostaithe (ÍMAT)

Foinsí Ioncaim Féinfhostaithe

Féinfhostaithe

Más 'Eile' atá i gceist, sonraigh thíos, le do thoil

Más 'Eile' atá i gceist, sonraigh thíos, le do thoil

Ollioncam Bliantúil

**Mír 3 – Céile/Páirtneir Sibhialta/Comháiritheoir an Tionónta a Chónaíonn sa Teach
(mura comhthionóntaí é/í)**

Ainm

Uimhir PSP

Gaol leis an Tionónta

Bean chéile/Fear céile

Páirtneir Sibhialta

Comháiritheoir

Foinse/Foinsí Ioncaim*

Fostaithe (ÍMAT)

Féinfhostaithe

Dífhostaithe

Eile

Ollioncam Bliantúil

Mír 4 – Scéimeanna agus Cistiú Roimhe Seo

An bhfuil teach ceannaithe agat roimhe seo faoi scéim ceannaigh ag tionónta nó scéim ceannaigh incrimintigh?

Tá

Níl

Cén foinse de chistiú a bheartaíonn a úsáid don airgead chun an teach a cheannach?

Mo chuid Acmhainní Féin*

Morgáiste Príobháideach

Íasacht ó Údarás Áitiúil

*Ní ghlacfar le haon íocaíocht in airgead tirim

Mír 5 – Ciontuithe agus Orduithe Cúirte

Ar ciontaíodh aon duine sa teaghlach i gcion sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo faoi ailt an Achta um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 a dtugtar cuntas air in Aguisín 3?

Ciontaíodh

Níor Ciontaíodh

An raibh aon duine sa teaghlach faoi réir Orduithe Cúirte sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo faoi na forálacha reachtúla a dtugtar cuntas orthu in Aguisín 4?

Bhí

Ní Raibh

Mír 6 - Dearbhú agus Síniú

Úsáidfídh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na sonraí a sholáthair tú chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas agus é a riar. Is féidir sonraí a roinnt agus a dheimhniú le comhlachtaí poiblí eile ar mhaithe le calaois a bhrath nó a chosc. Is féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na sonraí seo a phróiseáil ar mhaithe le cuspóirí taighde.

Nuair a iarrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, caithfidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí eolas breise a sholáthar laistigh de 4 seachtaine. Déantar an comhfhreagras go léir idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an t-iarratasóir/na hiarratasóirí gan réamhchlaonadh agus faoi réir aon ordaithe aistrithe.

Déanaim/déanaimid iarratas, leis seo, ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an réadmhaoin thuas a cheannach faoi théarmaí na Scéime Ceannaigh (Incrimintigh) ag Tionóntaí 2016.

Glacaim/Glacaimid leis nach gcuireann an t-údarás tithíochta aon bharántas in iúl nuair a dhíoltar teach faoin scéim seo maidir leis an gcaoi nó an bhail atá ar an teach nó ar a oiriúnaí atá sé go mairfidh daoine ann agus, mar gheall go luachálfar an teach bunaithe ar an mbail atá air faoi láthair, níl oibleagáid ar bith ar an údarás tithíochta chun bail mhaith struchtúrach a chur ar an teach atá á cheannach faoin scéim sula ndíolfar é.

Glacaim/Glacaimid leis go bhfuil an ceannaitheoir freagrach as cothabháil agus deisiú an tí i ndiaidh gur díoladh é.

Glacaim/Glacaimid leis, mura dtugtar a mhalairt in iúl, go ndéanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath socrúithe nuair a bheidh an ceannach déanta, go ndílseofar an réadmhaoin i gcomhainmneacha an tionónta agus a c(h)éile/p(h)áirtnéara.

Dearbhaím/Dearbhaímse go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé/a thugamar ar an iarratas fíor agus ceart.

Údaraím/Údaraímid an t-údarás tithíochta chun pé fiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sé is gá chun sonraí an iarratais seo a dheimhniú.

Is eol dom/dúinn gur cion é eolas bréagach nó míthreorach a sholáthar ar féidir mé/sinn a ionchúiseamh mar gheall air.

Síniú

Tionónta

Comhthionónta

Dáta

Seicliosta don Iarratasóir

Sula seolann tú d'iarratas ar ais, deimhnigh, le do thoil, go bhfuil an méid seo a leanas déanta agat:

Léigh agus tuigean tú an Leabhrán Eolais do Thionóntaí – téarmaí agus coinníollacha na Scéime san áireamh.

Tá gach cuid den fhoirm iarratais fút agus faoi do theaghlach líonta agat.

Tá fianaise faoi ioncam/cháipéisíocht tacaíochta ceangailte, faoi mar a shonraítear in Aguisín 1 atá ar ceangal.

Tá an dearbhú sínithe agat

Tá an táille iarratais €150 curtha san áireamh agat*

Eolas Teagmhála

Chun d'iarratas a sheoladh ar ais, déan teagmháil leis an oifig seo trí ghlaó orthu nó ríomhphost a sheoladh chucu chun coinne a shocrú. Ríomhphost:

tenant.purchase@dublincity.ie

Guthán: (01) 222 2485 nó (01) 222 2055 nó (01) 222 5239

Tabhair faoi deara, le do thoil, caithfear foirmeacha iarratais líonta agus cáipéisíocht tacaíochta a sheoladh ar aghaidh i bpearsan

Séanadh: Cuirtear an fhoirm iarratais seo ar fáil ar mhaithe le cuspóirí eolais amháin agus ní bheartaítear go gcruthaíonn sé caidreamh dlíthiúil nó gurb ionann é agus conradh, tairiscint nó comhaontú, agus ní bheartaítear go mbeidh sé ina chúis le hionchas nó teidlíocht ar bith nó go ndeimhníonn sé teidlíocht nó go dtugann sé teidlíocht le fios go gcuirfead duine san áireamh sa Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí seo nó i scéim ar bith. Ní chuireann an fhoirm iarratais seo in iúl go n-aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tionóntacht in aon áitreabh nach bhfuil tionóntacht ar bith ann maidir leis nó ar seirbheáladh Fógra Scoir/Éileamh ar Shealbhú/Rabhadh Tionóntachta maidir leis nó a ndearnadh ordú do shealbhú nó ordú sealbhaithe maidir leis nó i dtaca le haon áititheoir neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus scríobhtar an fhoirm iarratais seo gan dochar d'aon imeachtaí dlíthiúla reatha. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ndéanfaidh aon rud sa litir seo agus/nó sa phróiseas dá dtagraíonn sé cearta a bhronnadh ort nó ar aon áititheoir neamhúdaraithe nó neamhdhleathach nó ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon Fhógra Scoir/Éilimh ar Shealbhú/Rabhaidh Thionónta nó aon ordaithe do shealbhú nó aon ordaithe sealbhaithe a rinneadh maidir leis an áitreabh nó ní dhéanfaidh sé difear ar bhealach ar bith don cheart atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó ní dhéanfaidh sé an ceart sin a tharscaoileadh chun seilbh an áitribh a aisghabháil

Aguisín 1 - Cáipéisíocht Tacaíochta atá le Seoladh ar Ais le d'Iarratas

Caithfear an fianaise dhoiciméadach seo a leanas, a dheimhníonn na saghsanna éagsúla ioncaim inríofa, a sheoladh ar aghaidh.

- **Ioncam Fostaí:**

ceann amháin nó an dá cheann d'Fhoirm P60 agus duillíní pá do gach fostaíocht agus, nuair is gá, deimhniú sínithe agus stampáilte tuarastal fostóra, ina luaitear téarmaí fostaíochta, buntuarastal, ragobair, coimisiún, bónaís agus aon íocaíochtaí eile;

- **Ioncam ó fhéinfhostaíocht:**

cóip de na cuntas ioncaim agus caiteachais do gach gnó nó an cháipéisíocht sin a shásaíonn an t-údarás tithíochta maidir le cineál agus suim an ioncaim atá i gceist;

- **Íocaíochtaí a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí:**

Cáipéisí a d'eisigh an Roinn ina sonraítear na híocaíochtaí a rinneadh;

Ní bheidh ioncam ó íocaíochtaí leasa shóisialaigh (pinsin ina measc) a rinne an Roinn Coimirce Sóisialaí inríofa ach nuair a bhíonn an dara foinse d'ioncaim i gceist leis na híocaíochtaí seo, i.e. ioncam inríofa é íocaíocht leasa shóisialaigh a dhéantar le tionónta a bhfuil ioncam á fháil acu ó fhostaíocht, agus ioncam inríofa é íocaíocht leasa shóisialaigh le céile, páirtneir sibhialta nó comháitritheoir tionónta atá fostaithe, cibé acu má tá nó mura bhfuil an íocaíocht sin á déanamh anuas ar ioncam fostaíochta an chéile, an pháirtneara sibhialta nó an chomháitritheora sin;

- **Ioncam cíosa ó thalamh nó réadmhaoin:**

Cóip de chuntais nó ráiteas maidir le hioncam cíosa;

- **Ús ar choigilteas, infheistíochtaí nó díbhinní:**

ráiteas ón institiúid airgeadais nó ó sholáthraí eile, ina dtugtar sonraí faoin tsuim a íocadh

- **Íocaíochtaí cothabhála a fuarthas:**

an tOrdú Cúirte, an socrú nó an comhaontú foirmiúil nó neamhfhoirmiúil cothabhála, nó ráiteas an aturnae, ina dtugtar sonraí faoi mhéid agus minicíocht agus dáta deiridh íocaíochtaí, agus fianaise dhoiciméadach go bhfuil na híocaíochtaí riachtanacha á ndéanamh i gcomhréir leis an ordú, an socrú, an comhaontú nó an ráiteas atá i gceist.

- **Ioncam ó aon fhoinse eile:**

fianaise dhoiciméadach ón duine cuí nó ón gcomhlacht atá bainteach, ina dtugtar sonraí faoi fhoinse agus cineál an ioncaim agus an méid a íocadh

Aguisín 2 – Neamhaird a Thugtar d’Ioncam

Níl ioncam ó na foinsí seo a leanas inríofa faoin scéim agus ní chuirtear san áireamh é nuair a bhíonn ollioncam tionónta á dheimhniú:

- a) Sochar Linbh
- b) Liúntas Cúramóra, Sochar Cúramóra agus Sochar Cúramóra ar Leathráta
- c) Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh
- d) Íocaíocht Chaomhnóra
- e) Íocaíocht ar Riachtanais Eisceachtúla
- f) Forlíonadh Aiste Bhia
- g) Scéim Náisiúnta Breosla
- h) Deontas Cúram Faoisimh
- i) Liúntas Gaoil Forordaithe
- j) Liúntas do Mhaireachtáil Aonair (Pinsean)
- k) Liúntas Aois 80 Bliain (Pinsean)
- l) JobBridge, an Scéim Intéirneachta Náisiúnta
- m) Liúntas Cúram Baile
- n) Tús (Tionscnamh Socrúchán Oibre Pobail)
- o) Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas
- p) Gateway (Scéim Gníomhachtaithe Údaráis Áitiúil)
- q) Scéim Shóisialta Tuaithe
- r) Clár Fostaíochta Pobail
- s) Liúntas Altramaithe
- t) Liúntas Leasa na nDall
- u) Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair
- v) Íocaíochtaí Lóistín
- w) Deontais Mic Léinn agus Scéimeanna Scoláireachta
- x) Scéim Teagasc Baile
- y) Liúntas Oiliúna Ógtheagmhála
- z) Íocaíochtaí a dhéanann eagraíochtaí carthanachta, arb é ceann d’fheidhmeanna na n-íocaíochtaí chun cabhrú le daoine i ngátar trí airgead a dheonú dóibh
- aa) Íocaíochtaí a rinne Ballstát eile an AE a chomhfhreagraíonn do Shochar Linbh
- bb) Liúntais d’oiliúint athshlánaithe

Aguisín 3 – Cionta infheidhme faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994

- Alt 5: lompar neamhordúil in áit phoiblí
- Alt 6: lompar bagrach, drochídeach nó maslach in áit phoiblí
- Alt 7: Ábhar a dháileadh nó a thaispeáint áit phoiblí atá bagrach, drochídeach, maslach nó graosta
- Alt 14: Círéib
- Alt 15: Neamhord Foréigneach
- Alt 19: Oifigeach síochána nó pearsanra seirbhísí éigeandála a ionsaí nó bac a chur air/uirthi

Aguisín 4 – Forálacha infheidhme reachtúla

Ailt 3, 3A nó 4 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997: Ábhar ordú eisiaimh nó ordú eatramhach eisiaimh

Alt 257D d’Acht na Leanaí, 2001 (Uimhir 24 de 2001): Ábhar ordú iompair faoi Alt 115 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 (Uimhir 26 de 2006): Ábhar ordaithe shibhialta